

# ❖ An Lúibín ❖

13 Iúil 2022

## Gaeilge na hAlban i ré nua

*A language which was approaching death is flowering modestly again in education, literature and life.*

Téimis siar go 2011, nuair a mhaígh daonáireamh na Breataine go raibh 57,375 cainteoir Gaeilge in Albain (timpeall 1% den daonra). Bhí 15,811 acu ina gcónaí in Inse Ghall (timpeall 52% den phobal sin), 12,673 sna Garbhchríocha agus 4,145 san iardheisceart (Earra-Ghàidheal agus Bòd). Is é an chuid is suimiúla den scéal an méid acu a bhí ina gcónaí i nGlaschú (5,739) agus i nDún Éideann (3,120): áiteanna a mbeadh fás i ndán don teanga, más ag cuimhneamh ar an scéal in Éirinn atáimid, agus laghdú ag teacht thiar ar líon na gcainteoirí traidisiúnta.

Tá borradh mall faoin tumoideachas Gaeilge in Albain: in 2018 bhí 4,343 dalta á múineadh ar an dóigh sin, cé nach labhraíodh an oiread sin acu an teanga sa bhaile. Tá oideachas trí Ghaeilge ar fáil ar fud na hAlban: tá bunscoileanna lán-Ghaeilge i nGlaschú, Dún Éideann, Port Rìgh san Oileán Sgitheanach, Inbhir Nis agus Loch Abar, agus in aonaid i scoileanna lán-Bhéarla in áiteanna eile (cé gur bhfuarthas amach in Éirinn nach n-éiríonn chomh maith sin leis na haonaid chéanna). In 2020 cinneadh ar dhaltaí a bhí ag tosú ar scoil in Inse Ghall a mhúineadh trí Ghaeilge ar fad ar dtús, mura roghnódh a dtuismitheoirí a mhalairt. Bhí beagnach leath na ndaltaí nua ag foghlaim trí Ghaeilge cheana ar iarratas na dtuismitheoirí. Is mór an difríocht idir an scéal sin agus an ghráin a bhíodh ag na húdaráis ar an teanga.



Uibhist a Deas, mar a bhfuil Gaeilge á labhairt fós  
*Wikimedia Commons*

Tá Albannaigh ann, ar ndóigh, ar cuma leo faoin teanga nó a bhfuil doicheall orthu roimpi. Díol spéise iad, áfach, torthaí an Scottish Social Attitudes Survey, suirbhé bliantúil. Dúirt 30% de na daoine a ceistíodh gur fhéad siad roinnt Gàidhlig a labhairt, le hais 15% in 2012, agus baint aige sin, is dócha, le daoine óga a bheith ag úsáid na teanga. Shíl 55% gur chóir an teanga a múineadh do gach dalta idir 5 agus 15 bliain d’aois, tuairim nach raibh ach ag 38% in 2020. Díol spéise iad freisin na milte duine a chuaigh i mbun chúrsa Ghaeilge na hAlban ar Duolingo.

D’fhéadfadh baint na teanga le dúchas ar leith cuidiú le cúis na Gaeilge i dtír nach furasta cultúr na coitiantachta a aithint thar a leithéid i Sasana. Tá tábhacht leis an siombalachas, rud is léir ó iarrachtaí oifigiúla an Ghaeilge a chur chun cinn – féach an Gaelic Language (Scotland) Act 2005, Bòrd na Gàidhlig agus an National Gaelic Language Plan 2018-23. Tá an dea-mhéin soiléir; ach ní hionann dea-mhéin agus rath. Is cinnte gur beag baint atá ag tionscadal na teanga le gnáthshaol fhormhór an phobail.

Mar sin féin, tá an Ghaeilge á cur féin in iúl ar bhealach ba dheacair a shamhlú leathchhead bliain ó shin. Tá na scríbhneoirí comhaimseartha ann, filí ar nós Meg Bateman, Aonghas Phàdraig Caimbeul, Rody Gorman agus eile, agus agus a lán gearscéalaithe agus úrscéalaithe. Is fiú an foilsitheoir neamhspleách CLÀR a lua de bharr a bhfuil déanta aige chun cur le litríocht úr na teanga. Ba mhaith linn, in Albain agus in Éirinn araon, níos mó scríbhneoirí mná a fheiceáil.



### Leabhar na Nuachongála (Leabhar Laighean)

*The manuscript now called the Book of Leinster is the greatest single compilation of medieval Irish literature. The vicissitudes of history have left their mark; now the restorers are at work.*

Is é Leabhar na Nuachongála (nó Leabhar Laighean, más fearr leat an teideal faiseanta) an chnuasach mheánaoiseach is tábhachtaí in Éirinn de phrós, filíocht, ginealas, scéalta agus cógas, as an 240 lámhscríbhinn luath atá ar marthain fós. Is dócha gurbh é an príomhscríbhneoir Áed Ua Crimthainn (Aodh Ó Crimthainn), ab mhainistir Thír Dhá Ghlas ar bhruach na Sionainne i gContae Thiobraid Árann. Bhí Áed agus cuid dá dhaltáí ag breacadh na lámhscríbhinn idir 1151 agus 1224. B'fhéidir gurbh é Diarmaid Mac Murchadha, rí Laighean, a chuir an obair ar siúl agus dún aige i nDún Másc, láimh leis an Nuachabháil. Áit í siúd a dtugtaí an Nuachongáil uirthi, agus aisti sin a ainmníodh an lámhscríbhinn. Ba é an scoláire Seán Ó Donnabháin a thug Leabhar Laighean ar an saothar agus é ag cuimhneamh ar an mbaint a bhí ag an ábhar le Cúige Laighean, agus lean Robert Atkinson é nuair a d'fhoilsigh sé facsamhail liteagrafach. Tá cuid de na téacsanna móra ann - Lebor Gabála Éirenn, an leagan is iomláine de Táin Bó Cuailgne, an Dinnseanchas Fileata agus eile.

Ní nach ionadh, d'fhág an aimsir smál ar an lámhscríbhinn, rud atá le leigheas ag meitheal athchóiritheoirí i gColáiste na Tríonóide. Rinneadh deisiú roimhe seo, ach rinne an deisiú sin féin dochar mór; tá sin le réiteach, in éineacht le stróichthí agus le scoilteanna, agus ní mór an chuid den téacs atá doléite anois a athbhreacadh. Soláthrófar íomháu digiteach ardtairghe. Caithfear an dola a íoc, agus déanfaidh Banc Mheiriceá é trína Global Art Conservation Project.



Cuntas ar an mbrí atá le logainmneacha agus ar na scéalta a bhaineann leo is ea an dinnseanchas. Bhíodh sé de dhualgas ar lucht léinn – filí agus eile – an t-eolas sin a bheith acu, agus cuirtear in iúl anseo i bhfoirm fhileata é. Ag seo sliocht faoi Eas Rua (*Ess Ruaid*) i gCiarraí agus cur síos ann ar an laoch a d'fhág (más fíor) a ainm ar an áit.

A fhir dodechaid atúaid  
co srethaib is co sáer-búaid,  
innat léir co h-úair fessa  
i sceól réid in rúad-essa?

*A fhir a tháinig aduaidh le sraitheanna agus le saorbhua, an dtugann tú aird, go huair an chodlata, ar scéal réidh an rua-easa?*

Ess Rúaid, cía Rúad asa h-ess?  
cía roching in cúan comdess?  
in fer nó in ben co m-bríg bailb  
tuc for in síd in sáer-ainm?

*Eas Rua – cén Rua a bhain leis an eas? Cé thug cuairt ar an gcuan chomhdheas? An fear nó bean le fuinneamh dearmadta a thug an saorainm ar an sí?*

Áed rúad mac Baduirm in bress,  
úad cen ramuirm in rí-ess:

for a ur, ba gním guba,  
fail a shíd, a sáer-duma.

*Aodh Rua, mac Bhadairn, an laoch – óna ré sin amach tá an rí-eas gan tréine: ar a bhruach (ba ghníomh brónach é) atá a shí,  
a shaorthulach adhlactha.*

Ní chúala ar thír nó ar thuinn tig  
do chlannaib Ír nó Eibir  
rosessed co trían delba  
for Áed fíal na fír-Emna.

*Níor chuala mé ar thír ná ar thonn sciámhach faoi chlanna Ír ná Eibhir a bhí an tríú cuid chomh dealraitheach le hAodh fíal  
na fíor-Eamhna.*



### **Foilsitheoirí Gaeilge ag gearán**

*Irish-language publishers have problems: lack of funding, inefficient distribution, low critical standards.*

Tá a lán cloiste ag Coiste Gaeilge an Oireachtais le déanaí faoi staid na foilsitheoireachta Gaeilge – gearán den chuid is mó agus gan aon scéala nua ann. Thug *Tuairisc.ie* aird mhór ar an scéal, ach is beag aird a thug foilseacháin Bhéarla air, rud a thugann le fios (arís) cé chomh himeallach is atá cultúr liteartha na nGael san Anglaísear.

Léitear leabhair Ghaeilge fós, buíochas le Dia. Cuid acu trom, cuid eile éadrom. Ach tháinig laghdú 40% ar an maoiniú a tugadh don fhoilsitheoireacht Gaeilge idir 2008 agus 2016. In 2008 tugadh €1.82 milliún do Chlár na Leabhar Gaeilge; ansin tháinig feo ar an bhféile. Mhaígh Deirdre Ní Thuathail, stiúrthóir Chló Iar-Chonnacht, gur bhaolach go mbeadh ar fhoilsitheoirí Gaeilge dúnadh.

Dúirt Alun Ceri Jones, stiúrthóir an fhoilsitheora Dalen Éireann (comhlacht a bunaíodh sa Bhreatain Bheag agus a fhoilsíonn greannáin i gcúig dteanga Cheilteacha) go raibh a lán faoinsí maoinithe ag foilsitheoirí Gaeilge ach go mb'fhearr iad a chur faoi stiúir aon eagraíocht amháin.

Dúirt na scríbhneoirí Mícheál Ó Laoghaire, Réaltán Ní Leannáin, Celia de Fréine agus Sadhbh Devlin leis an gComhchoiste na Gaeilge go raibh tábhacht ar leith leis na léirmheasanna ach go raibh an caighdeán íseal go leor. Mhol an scríbhneoir do pháistí, Sadhbh Devlin, go n-oilfí díoltóirí agus ceannaitheoirí leabhar Gaeilge ar conas leabhair Ghaeilge a chur ar taispeáint seachas iad a chur i bhfolach sa chúinne is dorcha.

Ach ní foláir iad a dháileadh, agus sin an fhadhb – rud a bhí á chíoradh le déanaí ag Coiste Gaeilge Thithe an Oireachtais. Is í an eagraíocht ÁIS atá i mbun an dáileacháin agus déarfá go bhfuil dea-scéal aici. Timpeall 200,000 leabhar Gaeilge á ndáileadh gach bliain ar 260 siopa leabhar (250 siopa in Éirinn, deich siopa thar lear). Méadú 20% idir 2015-2021 ar an díolachán, go €1.1 milliún. Méadú ar an méid úrscéalta agus leabhar ginearálta eile go dtí 50% den iomlán.

Ach dealraíonn sé go bhfuil taobh eile ar an scéal agus sin easpa teicneolaíochta. Níl suíomh idirlín féin ag ÁIS. Maíodh nach bhféadann na siopaí a fháil amach an bhfuil leabhar Gaeilge ar fáil, agus gurb annamh a bhíonn ionadaí ÁIS ar cuairt. Is fearr go mór an freastal a dhéantar ar dhíoltóirí leabhar Béarla: is féidir le foilsitheoirí monatóireacht a dhéanamh ar an díolachán, féachaint cá mhéad cóip atá sna siopaí agus cuidiú leis an margaíocht.

Maítear gur leas le foilsitheoirí Gaeilge eagráin dhigiteacha a sholáthar, ach i ndáiríre tá cúpla céad leabhar Gaeilge ar fáil ar an gcaoi sin, cé go ndeir na foilsitheoirí féin gur fearr le léitheoirí leabhair pháipéir. (Is mar sin do *An Lúibín* féin.)



### **Cnuasach nua**

Tá Coiscéim tar éis cnuasach filíochta nua le Colin Ryan a chur amach: *Rogha*. Coiscéim a d'fhoilsigh an chéad chnuasach aige, *Corraí na Nathrach*, in 2017. Na dánta atá le fáil in *Rogha* foilsíodh cheana ar *An Lúibín* agus ar irisí eile iad.



**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

**Dhá dhán le Colin Ryan**

#### **I gcuimhne ar FH**

Agus d'ímigh sé leis san fhásach  
gan iompú ón aistear  
i gcomhlúadar na reann  
suaimhneas tagtha  
ar spleodar na haigne  
an corp ag iompú ina chré  
is an chruinne ag teacht  
ina choinne anuas

#### **Fuar**

An geimhreadh  
os cionn na sráide fliche  
na scamaill ar lasadh  
i ngorm fuar na spéire  
in intinn gheal na gréine